**Innealtóirí Craolta agus Tacaíochta Ilmheáin**

**Conradh Buan**

**Ionad Oibre: Ceannáras TG4**

Is craoltóir náisiúnta teilifíse Gaeilge é TG4 atá lonnaithe i mBaile na hAbhann, Co. na Gaillimhe. Tá ábhar TG4 ar fáil ar gach ardán teilifíse ar fud na hÉireann, ar fud an domhain ar an idirlíon agus ar ardáin dhigiteacha. Is craoltóir-foilsitheoir seirbhíse poiblí é TG4 a fhaigheann formhór a ábhair ó earnáil na léiritheoirí neamhspleácha, ábhar a bhfuil duaiseanna agus gradaim go leor buaite aige. Tá TG4 ag féachaint faoi láthair ar Innealtóirí Craolta agus Tacaíochta Ilmheáin a earcú.

Is í an Ghaeilge teanga oibre TG4. Tá sé riachtanach go mbeadh meon dearfach i leith na teanga ag iarrthóirí. Is fostóir comhdheiseanna é TG4 agus déanfar iarratais incháilithe a mheas beag beann ar inscne, gnéaschlaonadh, aois, taithí shóisialta, cine agus eitneacht, éagumas, stádas sibhialta an teaghlaigh, creideamh nó ar duine den Lucht Siúil atá i gceist. Tá TG4 i bhfabhar na héagsúlachta. Fáilteoidh muid roimh iarratais ó dhaoine ó chúlraí éagsúla.

Ag tuairisciú don Bhainisteoir Innealtóireachta sa Rannóg Teicneolaíochta agus Dáileacháin, agus ag obair go laethúil le rannóga agus foirne éagsúla TG4, beidh na hiarrthóirí a n-éireoidh leo freagrach as tacaíocht theicniúil a chur ar fáil do sheirbhísí TG4 ar gach ardán. Beidh obair ar seal agus obair deireadh seachtaine i gceist leis na poist seo.

Is mian le TG4 Innealtóirí Craolta agus Tacaíochta Ilmheáin a earcú atá spreagtha agus a bhfuil an taithí agus na scileanna teicniúla acu le bheith ag obair inár Rannóg Teicneolaíochta agus Dáileacháin tráth a bhfuil athrú ag teacht ar TG4. Is deis den scoth é seo do dhuine a bhfuil taithí nó cáilíochtaí acu i dTeicneolaíocht an Chraolacháin nó i réimse ábhartha eile teicniúil.

Beidh príomhról agat i dtacú le córais agus bonneagar craolacháin TG4 i ndáil le léiriú ábhair, físeán, fuaim, stiúideo agus tacaíocht eile a chur ar fáil ar ardáin TG4 lena n-áirítear seirbhís nua dhigiteach nuachta chun oibriú réidh ó lá go lá ar fud an stáisiúin a chinntiú. Ba chóir go mbeifeá ábalta oibriú asat féin agus i gcomhar le daoine eile chomh maith le bheith ábalta oibriú mar chuid d'fhoireann fhuinniúil.

**I measc na gcúraimí a bheidh i gceist, gan bheith teoranta dóibh, beidh;**

- Tacaíocht theicniúil ó lá go lá a chur ar fáil d'fhoireann TG4 san ord tosaíochta atá leagtha amach ag Stiúrthóir Teicneolaíochta agus Dáileacháin TG4
- Monatóireacht agus cothabháil a dhéanamh ar bhonneagar teicniúil ina measc ar chórais chraolacháin agus ar líne TG4.
- Cothabháil choisctheach agus seiceálacha sláinte a dhéanamh ar na córais.
- Fabhtcheartú teicniúil
- Ceisteanna teicniúla agus ceisteanna a ardaítear trí chóras deasc chabhrach TG4 a fhreagairt.
- Tacú le saolré iomlán na meán – ó choimisiúnú, éadáil agus ionghabháil, go tarchur agus cartlannú.

- Cur le hoibriú réidh áiseanna teicniúla agus sreafaí oibre an stáisiúin san ord tosaíochta a theastaíonn ón eagraíocht
- A bheith páirteach in obair thionscadal-bhunaithe nuair is gá
- Aon dualgais bhailí eile a iarrann Bainisteoir, Stiúrthóir na Rannóige nó an tArd-Stiúrthóir ort a chomhlíonadh de réir riachtanais na heagraíochta.

Bíonn tionscal na teilifíse ag síorathrú. Glacann TG4 go fonnmhar leis na hathruithe seo agus athróidh an comhlacht agus dualgais na foirne dá réir.

**Taithí don Phost:**

- Taithí 2 bhliain ar a laghad i gcraolachán nó i ról teicniúil ábhartha.
- Céim nó cáilíocht i réimse gaolmhar (Craolachán, Innealtóireacht, TF, Ríomheolaíocht, etc.)
- Tá TG4 ag lorg duine atá ábalta oibriú as a stuaim féin, a mbíonn an rath air i dtimpeallacht ghnóthach agus a oibríonn go maith go neamhspleách agus mar chuid d'fhoireann araon.
- Tuiscint ar thimpeallacht na meán
- Ábalta córais bunaithe ar IP a chumrú, a fhabhtcheartú agus a chothabháil, agus cruthúnas air sin
- Ardscileanna réitigh fadhbanna agus ábalta fabhtcheartú a dhéanamh
- Eolas mór ar chórais ríomhaireachta agus ar bhonneagar TF
- Dearcadh réamhghníomhach i leith scileanna nua agus teicneolaíochtaí nua a fhoghlaim agus i leith na féinfhorbartha
- Is í an Ghaeilge teanga oibre TG4, tá sé riachtanach go mbeifí sásta an Ghaeilge a fhoghlaim agus a labhairt san ionad oibre. Cuirfear oiliúint agus ranganna ar fáil nuair is gá
- Éireoidh leat sa ról seo más duine tú atá ábalta oibriú go muiníneach, go solúbtha agus go héifeachtach as do stuaim féin i dtimpeallacht spreagúil.

*Tabhair faoi deara: Is treoir atá sa sainchuntas poist seo maidir le réimsí éagsúla freagrachta agus cuntasachta agus níor cheart breathnú air mar liosta cuimsitheach. D'fhéadfadh an sainchuntas poist a bheith faoi réir athbhreithnithe i bhfianaise struchtúir nua agus / nó athrú a bheith ag teacht ar riachtanais TG4.*

Iarrtar ar iarrthóirí CV agus litir chlúdaigh do phost an Innealtóra Craolta agus Tacaíochta Ilmheáin a sheoladh chuig **cv@tg4.ie roimh 4pm Déardaoin an 07 Bealtaine 2026.**

**Eolas Breise don Iarratasóir**

**Grád:** Grád 4

**Uaireanta Oibre:**

Is post ar seal 78 uair sa choicís a bheidh sa phost seo. Táthar ag súil, mar gheall ar riachtanais an phoist, go mbeifeá solúbtha ó am go ham, i.e. go mbeifeá sásta, scaití, oibriú lasmuigh d'uaireanta oifige, ag an deireadh seachtaine agus ar laethanta saoire bainc.

**Laethanta Saoire:**

Beidh tú i dteideal 23 lá de shaoire íoctha in aghaidh na bliana.

**Pinsean:**

Tá baill foirne TG4 i dteideal dul isteach i nGrúpscéim Pinsin TG4 faoi réir théarmaí aon scéime atá ann cheana.

**Buntáistí eile a bhaineann le bheith ag obair i TG4:**

| | |
|---|---|
| • Deiseanna Oiliúna agus Forbartha<br>• Saoire Staidéir agus Scrúduithe | • Táillí Ballraíochta Gairmiúla<br>• Pinsean Ranníocach<br>• An Clár Cúnaimh d'Fhostaithe<br>• An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre |